



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta*

Gaeilge

Gnáthleibhéal

SCRÚDUIMHIR

Stampa an Ionaid

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

| <i>Don Scrúdaitheoir</i> | | | | | |
|------------------------------|------|--------|------|--------|------|
| Cuid I: Cluastuiscint | | | | | |
| CUID A | | CUID B | | CUID C | |
| Ceist | Marc | Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 1 | | 1 | |
| 2 | | 2 | | 2 | |
| Iom. | | Iom. | | Iom. | |

| <i>Na hIomláin</i> | |
|------------------------------|--|
| Cuid I: Cluastuiscint | |
| A | |
| B | |
| C | |
| Iomlán | |

| | |
|------------------|--|
| Eolas | |
| Gaeilge | |
| Móriomlán | |

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid I: Cluastuisceint

(60 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Cuid A

Cloisfidh tú *dhá* fhógra raidió sa chuid seo.

Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta *agus* tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|--|
| Cén post atá i gceist san fhógra seo? | |
| Cén contae ina bhfuil an scoil seo suite? | |
| Cé mhéad dalta atá ag freastal ar an scoil seo? | |
| Cad é an lá deireanach le haghaidh iarratas? | |

FÓGRA A DÓ

1. (a) Cathain a rinneadh an ceiliúradh speisialta?

(b) Tabhair píosa **amháin** eolais faoi Dhara Ó Cinnéide.

2. (a) Cén leabhar as ar léigh na daltaí scoile?

(b) Cén tír a bhfuil ceangal láidir aici le Corca Dhuibhne?

Cuid B

Cloisfidh tú *dhá* chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina *dhá* mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén uair a cuireadh amach an taighde seo?

2. Cén áit ar cheart seans a bheith ag daoine óga a dhul?

An Dara Mír

1. Luaigh rud **amháin** a deirtear faoi dhaoine óga sa taighde seo.

2. Cad é an lá scoile atá ag Rónán faoi láthair?

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cá raibh an searmanas speisialta seo ar siúl?

2. Cé mhéad ama a thóg sé ar Ronnie Delaney an rás sin 1500 méadar a rith?

An Dara Mír

1. Cén post a bhí ag athair Ronnie Delaney?

2. Cén chuid dá chorp a ghortaigh Ronnie Delaney?

Cuid C

Cloisfidh tú *dhá* píosa nuachta sa chuid seo.

Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta *agus* tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cathain a seoladh an leabhar *Waves of Tory*?

2. Cathain a fhillleann an t-údar ar Thoraí?

PÍOSA A DÓ

1. Cé mhéad seomra a bheidh sna tithe nua?

2. Cén uimhir theileafóin atá ag Oifigí an Chomharchumainn?

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

Ní mór leathleathanach nó mar sin a scríobh sa **dá** fhreagra.

A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota** leanúnach nó **blag** ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (i) Mo laethanta ar scoil.
- (ii) Saoire iontach a bhí agam.
- (iii) An teilifís – is breá liom é.

B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** a mbeidh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

- (i) Chonaic mé an liathróid ag teacht i mo threo. D’fhéach mé timpeall orm, ní raibh aon duine in aice liom. Léim mo chroi le háthas...

nó

- (ii) “Uisce! Uisce! Tabhair dom uisce,” arsa mise os ard....

C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

- (i) Tá tú ag caitheamh dhá mhí saoire ag taisteal le do chlann san Astráil. Scríobh **an litir/ríomhphost** a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoi na rudaí éagsúla a tharla agus tú san Astráil.

nó

- (ii) Chuala tú polaiteoir ar an teilifís agus é ag gearán / ag tabhairt amach faoi dhaoine óga. Scríobh **an litir/ríomhphost** a chuirfeá chuige faoi na rudaí a dúirt sé.

D – COMHRÁ – (50 marc)

- (i) Ba bhreá leat dul go dtí scannán sa chathair ach níl do chara cinnte. Scríobh **an comhrá** a bheadh idir an bheirt agaibh, ó bhéal nó ar líne, faoin ábhar sin.

nó

- (ii) An cheist mhór: Cad a dhéanfaidh tú tar éis na hArdteistiméireachta? Scríobh **an comhrá** a bheadh agat le do thuismitheoirí faoi sin.

Leathanach Bán